# FÁLTA SCEACH

Tagann beocht sna fálta sceach san Earrach, nuair a líonann an draighneáin an tírdhreach le bláthanna, agus na héin ag cosaint a gcuid críocha go glórmhar don séasúr póraithe. Ag feidhmiú mar bhacainní beo, coinníonn fálta sceach ainmhithe feirme laistigh nó lasmuigh de pháirceanna agus tugann siad foscadh dóibh ón drochaimsir.

Rinneadh tromlach na bhfálta in Éirinn

a phlandáil sa naoú haois déag, cé go bhfuil cuid áirithe a théann chomh fada siar leis na meánaoiseanna. Is minic go mbíonn bainc agus díoga fíor-mhóra ag fálta níos sine, agus breis speicis toir ná fálta níos déanaí. Bíonn éagsúlacht le feiceáil i bhfálta sceach na hÉireann idir fhálta sceirdiúla ísle le bainc chloiche agus saileach agus aiteann sna hardtailte, agus fálta móra arda ar thalamh maith le bainc mhóra ithreach, atá mar bhaile do suas le 15 speiceas toir dhifriúil.

Cuimsíonn tromlach na bhfálta bainc ardaithe ithreach agus cloiche le toir dheilgneacha plandáilte in aice láimhe, agus díog dhraenála inar féidir le froganna agus fiadhúlra eile maireachtáil. Tá toir dheilgneacha cosúil le sceach gheal, draighneáin agus cuileann ar na toir is coitianta sna fálta sceach, cé go bhfuil pribhéad, coll, fearsaid agus caor chon le fáil iontu chomh maith. Déanann crainn na bhfálta sceach an ghnáthóg níos éagsúla - an fhearnóg, an leamhán, an crann fia-úll, an dair, an caorthann agus an saileach mar shamplaí. Tá eidhneán a dhreapann trí fhálta go maith d'éin agus ialtóga ar an bhfara, agus tá na caora dubha ar cineál bia amháin atá ar fáil d'éin le linn mhíonna ganna an gheimhridh.

Tógann fálta sceach 1.5% d'achar talún na hÉireann, codán atá níos mó ná coillearnacha dúchasacha. Soláthraíonn siad gnáthóga fiadhúlra atá tábhachtach cosúil le ciumhaiseanna coillearnaí. Beathaíonn beacha, féileacáin, leamhain, beacha gabhair agus seilidí ar éagsúlacht leathan plandaí agus bláthanna a fhásann ar feadh bainc agus gruaimhíní na bhfálta. Neadaíonn dhá thrian de speicis éan na hÉireann i bhfálta sceach, agus bíonn siad ag brath orthu dá mbia lena n-áirítear bláthanna, torthaí, síolta agus inveirteabraigh. Bíonn éin chreachta cosúil le hulchabháin, pocairí gaoithe agus spioróga ag seilg sna fálta, agus ag creachadh ar éin agus mamaigh bheaga. Tá fálta sceach fíorthábhachtach mar 'chonairí éiceolaíochta', a cheanglaíonn paistí gnáthóige eile cosúil le coillearnacha agus bogaigh, agus ceadú don fhiadhúlra gluaiseacht tríd na tuaithe.

Tugann fálta dealramh coillteach do thírdhreach dhífhoraoisithe na hÉireann, agus rialú do ghluaiseacht an uisce, chomh maith le creimeadh ithreach a laghdú agus na huiscebhealaí a chosaint ó thruailliú. Déanann siad leathadh galair ó fheirm go feirm a chosc chomh maith, agus damháin alla, bóin Dé agus éin a óstáil, chomh maith le creachadóirí úsáideacha eile lotnaidí na mbarr.

## BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Is minic a bhíonn foirm bhainistíochta áirithe ag teastáil ó fhálta chun iad a choinneáil dlúth agus stocdhíonach. Is mó éin a neadóidh faoi chosaint fáil sceiche atá ard, tiubh agus dlúth le mórán fáis sa mhéadar is ísle, ná mar a fheicfear i bhfál beag tanaí. Is féidir le toir na bhfálta an fás dlúth níos ísle a chailleadh gan bhainistíocht oiriúnach – cosúil le taobh-dhíogáil ócáideach agus 'fál-leagan'.

Fulaingíonn fálta toisc drochbhainistíocht chomh maith, nuair a ghearrtar iad ró-chrua, rómhinic, ró-íseal, nó ag am mícheart sa bhliain. Níor cheart fálta a ghearradh ach amháin nuair atá siad suanach, agus nuair nach bhfuil éin ag neadú iontu. Tá sé neamhdhleathach fálta a ghearradh le linn séasúir neadaithe na n-éan ó 1 Márta go 31 Lúnasa, murach díolúine a bheith i gceist ar chúiseanna sábháilteachta ar bhóithre. Baintear mórán fálta go neamhriachtanach toisc athstruchtúrú talún, cúrsaí tógála agus forbairt tithíochta. Is féidir le dumpáil bruscair - lena n-áirítear bruscar an ghairdín - damáiste a dhéanamh do fhlóra agus fhána na bhfálta sceach chomh maith.

## CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Cuir aithne ar na fálta sceach i do phobal féin agus cad atá ag fás agus ag cónaí iontu, agus b'fhéidir 'fál-dhialann' a choinneáil. Abair le daoine eile faoi fhiadhúlra sna fálta agus an tábhacht atá le bainistíocht mhaith. Má fheiceann tú duine ag gearradh fálta sceach le linn an tséasúir neadaithe, déan nóta den duine, am agus áit, agus inis don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra láithreach (féach thíos). Déan fál dúchasach a phlandáil mórthimpeall an tí nó an ghairdín atá agat, déan plandáil sna bearnaí i bhfálta reatha, déan bainistíocht mhaith na bhfálta sceach a spreagadh i do cheantar féin, agus bí rannpháirteach i ndea-phleanáil trí choinneáil na bhfálta sceach a bhrú ar aghaidh mar chuid d'fhorbairtí nua.

## TUILLEADH EOLAIS

- An Taisce: *www.antaisce.org*
- Caomhnú sa phobal: *www.heritageknowhow.ie*
- Do thorthaí suirbhéanna ar fhálta sceach i Laois, in Uíbh Fhailí, i Ros Comáin, san Iarmhí, i gCill Dara agus i Maigh Eo, cuardaigh láithreáin ghréasáin na gcomhairlí contae faoi seach (m.sh. *www.laois.ie*).
- Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann: *www.iwt.ie*
- Hedge Laying Association of Ireland: *www.hedgelaying.ie*
- Chun sonraí teagmhála a fháil maidir le do Mhaoirseoir Fiadhúlra áitiúil, breathnaigh ar rannóg seirbhísí an rialtais san eolaí teileafóin, nó tabhair cuairt ar *www.npws.ie*.